Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**13344/25
ADD 1**

**FISC 253
ECOFIN 1261
ONU 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>lena n-údaraítear an chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh comhaontú<br>maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe<br>maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus<br>maidir le haon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an bPrótacal sin nó a dhéanann difear dó |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 584 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 584 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 584 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear an chaibidlíocht ag na Náisiúin Aontaithe le haghaidh comhaontú maidir leis an dara Prótacal Luath a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach agus maidir le haon fhoráil den Chreat-Choinbhinsiún a bhaineann leis an bPrótacal sin nó a dhéanann difear dó**

## IARSCRÍBHINN

In éineacht leis na Ballstáit, ba cheart don Aontas a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht maidir le Creat-Choinbhinsiún agus an dá Prótacal Luath a ghabhann leis maidir le Comhar Idirnáisiúnta Cánach ag na Náisiúin Aontaithe chun a áirithiú nach mbeidh na forálacha comhaontaithe i gcoinbhleacht le dlí an Aontais. Go dtí go ndéanfar tuilleadh forbairtí, leagtar amach sna treoracha caibidlíochta tosaigh sin coinníollacha atá dírithe ar chaibidlíocht an dara Prótacal Luath maidir le díospóidí cánach a chosc agus a réiteach, nó ábhair a thagann faoin gcaibidlíocht i gcomhthéacs an Chreat-Choinbhinsiúin a bhaineann leis an dara Prótacal Luath nó a dhéanann difear dó, go háirithe:

(1) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.

(2) Go gcumasaítear leis an bpróiseas caibidlíochta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar bhealach fóinteach, lena n-áirítear sochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

(3) Go ndéantar na hionchuir uile a fhaightear ó Bhallraíocht iomlán na Náisiún Aontaithe a mheas ar bhonn comhionann chun próiseas cuimsitheach a áirithiú.

(4) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta bunaithe ar chlár oibre éifeachtach agus réalaíoch le haghaidh mhionsaothrú comhuaineach an Chreat-Choinbhinsiúin agus na bPrótacal Luatha a ghabhann leis.

Sa chaibidlíocht, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bhaint amach:

(5) Cuireann an dara Prótacal Luath maidir le Díospóidí Cánach a Chosc agus a Réiteach le cobhsaíocht, cinnteacht agus comhleanúnachas an ollstruchtúir idirnáisiúnta cánach.

(6) Le linn a chuid oibre, ba cheart don choiste caibidlíochta idir-rialtasach obair fóram ábhartha eile, na sineirgí féideartha agus na huirlisí, na láidreachtaí, an saineolas agus na comhlántachtaí atá ann cheana agus atá ar fáil sna hinstitiúidí éagsúla a bhfuil baint acu le comhar cánach ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chur san áireamh. Ba cheart ilroinnt caighdeán idirnáisiúnta nó dúbailt neamhriachtanach a sheachaint.

(7) Ba cheart an dara Prótacal Luath a bheith comhoiriúnach le gealltanais an Aontais agus a Bhallstát i ndáil le comhaontuithe idirnáisiúnta eile ar páirtí iontu iad, agus ba cheart aon drochthionchar ar chur i bhfeidhm éifeachtach na gcomhaontuithe idirnáisiúnta sin a sheachaint.

(8) Ba cheart forálacha an dara Prótacal Luath a ailíniú go hiomlán leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chosaint. Ba cheart do Bhallstáit an Aontais a bheith in ann dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha.

(9) Ba cheart clásal nó clásail a bheith sa dara Prótacal Luath lena gceadaítear do Bhallstáit an Aontais, ina gcaidreamh frithpháirteach, leanúint de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm in ábhair a chumhdaítear faoi raon feidhme an dara Prótacal Luath agus lena gceadófar do cháiníocóir/cháiníocóirí an ionstraim a roghnú chun an díospóid a réiteach de réir mar is cuí leo. Má tá sásra um réiteach díospóidí ann faoin

gCoinbhinsiún, ba cheart dó inniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a choimirciú chun dlí an Aontais a léirmhíniú.

(10) Ba cheart toradh deiridh ar féidir leis an raon is leithne páirtithe is féidir tacú leis a bheith mar thoradh ar chaibidlíocht an dara Prótacail Luaith.